# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/146 ÓN gCOIMISIÚN

## an 1 Feabhra 2022

## lena gcinntear an táirge bithicídeach é táirge ina bhfuil Clóiríd amóiniam démheitilbeinsile ailcile ($C_{12-16}$), de bhun Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Iúil 2020 d'iarr an Danmhairg ar an gCoimisiún cinneadh an táirge bithicídeach é nó nach é mar a shainítear in Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 táirge ina bhfuil Clóiríd amóiniam démheitilbeinsile ailcile ($C_{12-16}$) (ADBAC/BKC ($C_{12}$-$C_{16}$)) i dtiúchan 2,4 % agus a mhargaíonn an monaróir sa Danmhairg mar oibreán glantacháin fadghníomhach chun sraitheanna d'ábhar carntha a bhaint d'adhmad, de bhríc-obair, de dhíonleaca, de leaca pábhála agus de dhromchlaí eile ("an táirge").

(2) Liostaítear Clóiríd amóiniam démheitilbeinsile ailcile ($C_{12-16}$) (ADBAC/BKC ($C_{12}$-$C_{16}$)) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ([2]) maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá ann cheana. Áirítear ADBAC/BKC ($C_{12}$-$C_{16}$) sa chlár athbhreithnithe do chineál táirge 2 (i measc nithe eile), eadhon "díghalráin agus ailgicídí nár ceapadh lena gcur go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe", mar a shainítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Dá bhrí sin, tá substaint ghníomhach sa táirge mar a shainítear in Airteagal 3(1), pointe (c) den Rialachán sin.

(3) Faoi mar a mheas an Chúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas an 19 Nollaig 2019, i gCás C-592/18 *Darie* ([3]), "is leathan atá an coincheap 'táirge bithicídeach', de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 […]. Tacaíonn an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán sin leis an léirmhíniú leathan sin, bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim, chun 'ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe araon agus don chomhshaol'" ([4]).

(4) Mar a thug an Chúirt dá haire freisin, tá an t-aicmiú mar "táirge bithicídeach" chun críocha Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 528/2012 faoi réir, i measc nithe eile, an fhíorais go bhfuil an táirge "agus an méid sin le hintinn aon orgánach díobhálach a scriosadh, a dhíspreagadh, a dhéanamh neamhdhíobhálach, chun bac a chur ar fheidhmiú an orgánaigh sin, nó chun éifeacht rialaithe a imirt air in aon slí eile" ([5]).

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1062/2014 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2014 maidir leis an gclár oibre chun scrúdú córasach a dhéanamh ar gach substaint ghníomhach atá i dtáirgí bithicídeacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 10.10.2014, lch. 1).

([3]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, Darie, C-592/18, ECLI:EU:C:2019:1140.

([4]) Féach C-592/18 *Darie*, op. cit., mír 42.

([5]) Féach C-592/18 *Darie*, op. cit., mír 32; féach freisin breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 14 Deireadh Fómhair 2021, *Biofa*, C-29/20, ECLI:EU:C:2021:843, mír 26.

(5) Ina breithiúnas an 19 Nollaig 2019, i gCás C-592/18 *Darie*, chuir an Chúirt i dtreis freisin “nach n-eisiatar táirgí glantaigh ó raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Thairis sin, mar a dhealraítear ó aithris 21 de Rialachán Uimh. 648/2004, is féidir tuairisc a thabhairt ar tháirge mar ‘glantach’ de réir bhrí Airteagal 2(1) den Rialachán sin mar aon le ‘táirge bithicídeach’ de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012” ([6]). In aon chás, is féidir táirge a mheas mar tháirge bithicídeach de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gan beann ar an dtagann sé faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 nó nach dtagann ([7]).

(6) Dá mba leor an fíoras go maíonn an monaróir gur táirge “glantacháin” é táirge le go gcinnfí nach bhfuil aon chríoch bhithicídeach ag an táirge sin, agus, dá bhrí sin, nach táirge bithicídeach é, d’fhéadfaí dul timpeall go héasca ar cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus an bonn a bhaint dá chuspóirí. Thiocfadh a leithéid de chur chuige salach ar an léirmhíniú atá ar “táirge bithicídeach” arna sholáthar ag an gCúirt Bhreithiúnais. Dá bhrí sin, gach faisnéis a sholáthraíonn an monaróir agus na dáileoirí, agus a sholáthraítear ag díolphointí ba cheart í a chur san áireamh chun a mheas an bhfuil táirge a chuirtear ar an margadh ceaptha le haghaidh úsáid bhithicídeach de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Má tá substaintí gníomhacha i dtáirge ag tiúchan níos airde ná leibhéil áirithe tugtar le tuiscint go mbeidh éifeacht iarbhír um shrianadh ag an táirge sin ar orgánach díobhálach amháin nó níos mó. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh na leibhéil tiúchain sin léiriú suntasach a thabhairt gur cuireadh an táirge ar an margadh chun críche bithicídí de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(8) De réir na faisnéise a chuir an Danmhairg isteach, tá tiúchan 2,4 % den tsubstaint ghníomhach ADBAC/BKC ($C_{12}$-$C_{16}$) sa táirge, agus is féidir an táirge a úsáid gan é a chaolú nó é a úsáid tar éis é a chaolú 50 %, agus tá an tiúchan sin cosúil le tiúchan na substainte gníomhaí céanna i dtáirgí bithicídeacha lena scriostar algaí agus a údaraítear san Ísiltír nuair a chaolaítear na táirgí sin lena n-úsáid de réir na dtreoracha úsáide a ghabhann leo.

(9) De réir na faisnéise a chuir an Danmhairg isteach, tugann an monaróir tuairisc ar an táirge mar oibreán glantacháin fadghníomhach chun sraitheanna d’ábhar carntha a bhaint d’adhmad, de bhríc-obair, de dhíonleaca, de leaca pábhála agus de dhromchlaí eile agus, sa bhileog sonraí teicniúla, léiríonn sé nach bhfuil an táirge le húsáid ach amháin taobh amuigh. Deir an monaróir freisin gur cheart dromchlaí atá an-salach a ghlanadh roimh ré le glantach ón monaróir céanna sula gcóirítear an dromchla leis an táirge. Chuir an Danmhairg isteach faisnéis bhreise ó dháileoir agus ó dhíolphointí ar líne. Maíonn an dáileoir go mbriseann an táirge síos fás agus go dtugann sé cosaint ar athfhás. Dar leis an dáileoir, bíonn an fás sin le feiceáil ar dhromchlaí mar ábhar glas carntha nó smáil dhorcha – go háirithe in áiteanna atá ar scáth na gréine mar gheall ar chrainn nó tomacha, ar thaobhanna a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh agus in áiteanna ina bhfuil go leor taise. Sonraíonn an dáileoir nach ndéanann an fás carntha sin dochar don adhmad go díreach, ach go leathann sé ina shraith mhór leanúnach, sa chaoi nach féidir leis an taise éalú as. I ndíolphointe ar líne, maítear go bhfuil éifeachtaí coisctheacha ag an táirge. D’áitigh an Danmhairg freisin, maidir le díolphointe eile ar líne, go n-áirítear an táirge ann i gcatagóir táirgí atá dírithe ar adhmad, pábháil agus díonta a ghlanadh, agus a dtuairiscítear ina leith go bhfuil éifeacht dhíreach acu ar algaí ar dhromchlaí.

(10) Dá bhrí sin, dealraíonn sé go bhfuil an táirge ceaptha le fás algaí neamh-inmhianaithe a chosc nó a shrianadh, rud a chomhlíonann an sainmhíniú ar orgánach díobhálach mar a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(11) Ós rud é go bhfuil substaint ghníomhach sa táirge, agus go bhfuil an táirge ceaptha le héifeacht um shrianadh a imirt ar orgánach díobhálach trí mhodh gníomhaíochta nach bhfuil fisiciúil ná meicniúil amháin, ba cheart an táirge a mheas mar tháirge bithicídeach mar a shainítear in Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012).

(12) Toisc go gcumhdaíonn cineál táirge 2, mar a shainítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, díghalráin agus ailgicídí nár ceapadh lena gcur go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe, ba cheart don táirge a theacht faoi chineál táirge 2.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

([6]) Féach C-592/18 *Darie*, op. cit., mír 48.

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le glantaigh (IO L 104, 8.4.2004, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Táirge ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach Clóiríd amóiniam démheitilbeinsile ailcile ($C_{12-16}$) i dtiúchan 2,4 % agus atá le húsáid i gcoinne algaí, de réir na faisnéise a sholáthair an monaróir nó dáileoirí, measfar gur táirge bithicídeach é de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012), agus tiocfaidh sé faoi chineáil táirge 2 mar a shainítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Feabhra 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN